An Bord Pleanála

# Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2024

**20 Meitheamh 2024**

## Clár Ábhar

1.0 Cúlra - Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní ..... 3
2.0 Tuarascáil an Bhoird Pleanála ..... 3
3.0 Próifíl Fostaíochta ..... 4
4.0 Sonraí ..... 4
5.0 An Bhearna Mheánach Phá san Uair an Chloig idir na hInscní ..... 4
6.0 An Bhearna Airmheánach Phá san Uair an Chloig idir na hInscní ..... 5
7.0 Conclúidí ..... 12
8.0 Conas atá an bhearna phá idir na hinscní á díothú againn? ..... 12
Aguisín ..... 14

## 1.0 **Cúlra - Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní**

Is é atá sa Bhearna Phá idir na hInscní ná an difríocht sa mheánphá san uair an chloig d'fhir agus do mhná ar fud fórsa saothair.
Is é atá i gceist leis an mBearna Phá idir na hInscní ná paireacht inscne ar fud na heagraíochta a scrúdú. Níor cheart í a mheascadh le pá comhionann, rud a dhéileálann le difríochtaí pá idir daoine d’inscní difriúla a dhéanann na poist chéanna, poist den chineál céanna nó obair ar luach comhionann.
Ba leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, a tugadh isteach an bunús reachtach do thuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní in Éirinn.
Leis an Acht, ceanglaítear ar eagraíochtaí tuairisc a thabhairt ar an mBearna Phá san uair an chloig idir na hInscní ar fud raon méadrachtaí.
Is í an tréimhse tuairiscithe an tréimhse 12 mhí díreach roimh an dáta léargais, agus an dáta sin san áireamh.

## 2.0 **Tuarascáil an Bhoird Pleanála**

Is í an tréimhse tuairiscithe don tuarascáil seo an tréimhse ón 20 Meitheamh 2023 go dtí an 20 Meitheamh 2024.
Cuirtear an pá meánach agus airmheánach san uair an chloig d’fhir, do mhná agus d’fhostaithe neamhdhénártha in iúl mar chéatadán den phá meánach agus airmheánach san uair an chloig d’fhir atá fostaithe ar bhonn lánaimseartha, ar bhonn páirtaimseartha agus ar bhonn sealadach ar an dá thuairisc.
Sa tuarascáil seo, féachtar ar an líon fear, an líon ban agus an líon daoine neamhdhénártha ar fud ceithre bhanda pá ceathairíle, is iad sin: (1) An Cheathairíl Íochtair; (2) An Cheathairíl Íosláir; (3) An Cheathairíl Uasláir; agus (4) An Cheathairíl Uachtair.
Míneofar sa tuarascáil seo an Bhearna Phá idir na hInscní sa Bhord Pleanála agus na bearta atá á ndéanamh nó atá beartaithe a dhéanamh chun aon bhearna phá idir na hinscní a laghdú nó a dhíothú.

## 3.0 Próifíl Fostaíochta

Bhí 268 bhfostaí ag an mBord Pleanála amhail an 20 Meitheamh 2024, lenar áiríodh 11 chomhalta Boird.

Bhí seisear ball foirne páirtaimseartha agus seisear ball foirne sealadach san iomlán ann.

Ba iad na critéir a cuireadh i bhfeidhm do bhaill foirne pháirtaimseartha ná baill foirne a oibríonn 60% den ghnáthsheachtain oibre (21 uair sa tseachtain) nó níos lú.

## 4.0 Sonraí

Ba iad baill den Fhoireann Acmhainní Daonna a rinne an phróiseáil ar fad i gcomhar le fostaithe ón bhFoireann Airgeadais agus ar aon dul le hoibleagáidí Cosanta Sonraí. I gcás na sonraí uile a úsáideadh chun an tuarascáil seo a chur le chéile, ba iad fostaithe a bhfuil rochtain acu ar na sonraí sin mar chuid dá ngnáthdhualgais laethúla laistigh d'Aonad Acmhainní Daonna an Bhoird a phróiseáil iad.
Rinne an tAonad Acmhainní Daonna suirbhé inscne ar fhostaithe chun go bhféadfaí inscne a chur ar áireamh go córasach. Bhí sé de rogha ag fostaithe iad féin a aithint mar dhaoine den inscne fhireann, mar dhaoine den inscne bhaineann nó mar dhaoine neamhdhénártha. Tugadh an rogha sin dóibh mar gheall ar an gceart atá ag gach saoránach chun féinchinntiúcháin i ndáil le hinscne, mar a chumhdaítear leis an dlí faoin Acht um Inscne a Aithint, 2015. Tugadh an rogha sin dóibh freisin mar gheall ar an bhfreagracht atá orainn cabhrú le timpeallacht a chruthú ina mbraitheann fostaithe go bhfuil meas orthu agus go dtacaítear leo ag an obair i ndáil lena sainrogha phearsanta inscne.
Is staitisticí comhcheangailte iad na staitisticí uile sa tuarascáil seo, agus ní shainaithnítear aon daoine aonair iontu.

## 5.0 An Bhearna Mheánach Phá san Uair an Chloig idir na hInscní

Is ionann an bhearna mheánach phá idir na hinscní agus an difríocht idir an meánphá san uair an chloig a fhaigheann daoine neamhdhénártha agus mná laistigh dár n-eagraíocht agus é sin a fhaigheann fir laistigh dár n-eagraíocht.

Ba é an bhearna mheánach phá do mhná (B) san eagraíocht ná **9.48%**.

Ba é an bhearna mheánach phá do dhaoine neamhdhénártha (ND) san eagraíocht ná **49.86%**.




| | Pá san Uair an Chloig |
|---|---|
| F | €38.27 |
| B | €34.64 |
| ND | €19.19 |

## 6.0 An Bhearna Airmheánach Phá san Uair an Chloig idir na hInscní

Is ionann an bhearna airmheánach phá idir na hinscní agus an difríocht idir an pá airmheánach san uair an chloig a fhaigheann daoine neamhdhénártha, an pá airmheánach san uair an chloig a fhaigheann mná, agus an pá airmheánach san uair an chloig a fhaigheann fir. Cuirtear na figiúirí don duine a fhaigheann an lárphá i ngach catagóir i gcomparáid le chéile. Ríomhtar an pá airmheánach san uair an chloig trí na fostaithe uile a rangú ón duine is airde pá go dtí an duine is ísle pá agus tríd an bpá san uair an chloig a fhaigheann an duine sa lár a thógáil.

Ba é an bhearna airmheánach phá do mhná (B) san eagraíocht ná **21.03%**.

Ba é an bhearna airmheánach phá do dhaoine neamhdhénártha (ND) san eagraíocht ná **51.18%**.



| | Pá san Uair an Chloig |
|---|---|
| F | €39.30 |
| B | €31.04 |
| ND | €19.19 |

**Baill Foirne Lánaimseartha, Baill Foirne Pháirtaimseartha, agus Baill Foirne Shealadacha**

### Baill Foirne Lánaimseartha

Bhí 256 bhall foirne lánaimseartha ann – 113 fhear, 141 bhean, agus beirt bhall foirne neamhdhénártha.

I gcás na mban (B), ba é an bhearna mheánach phá ná **9.72%**, agus ba é an bhearna airmheánach phá ná **22.89%**.

I gcás daoine neamhdhénártha (ND), ba é an bhearna mheánach phá ná **50.84%**, agus ba é an bhearna airmheánach phá ná **52.50%**.


### Baill Foirne Pháirtaimseartha

Bhí seisear ball foirne páirtaimseartha ann, agus mná a bhí i ngach duine díobh.


### Baill Foirne Shealadacha

Bhí seisear ball foirne sealadach ann – ceathrar fear, agus beirt bhan.

I gcás na mban (B), ba é an bhearna mheánach phá ná **-5.95%**, agus ba é an bhearna airmheánach phá ná **-1.99%**.




| | Lán. | Páirt. | Seal. |
|---|---|---|---|
| F | €39.03 | | €15.02 |
| B | €35.24 | €26.76 | €15.92 |
| ND | €19.19 | | |





| | Lán. | Páirt. | Seal. |
|---|---|---|---|
| F | €40.39 | | €15.60 |
| B | €31.15 | €27.61 | €15.92 |
| ND | €19.19 | | |


*Tabhair faoi deara go dtugann cealla bána le fios nach raibh aon bhaill foirne ann lena dtomhas i gcatagóir foirne ar leith, i.e., bhí na poist pháirtaimseartha uile i seilbh na mban, agus ní raibh aon bhaill foirne neamhdhénártha ann i bpoist shealadacha tráth an léargais.*

**Miondealú de réir Rannóige**


Den 268 mball foirne:


Bhí 11 bhall foirne ar an mBord; ochtar fear, agus triúr ban.









Bhí 23 bhall foirne ann i róil Ardbhainistíochta; 14 fhear, agus naonúr ban.








Bhí 87 mball foirne ann i ngráid Chigireachta; 39 bhfear, agus 48 mbean.



Bhí 147 mball foirne ann i ngráid Riaracháin; 56 fhear, 89 mbean, agus beirt bhall foirne neamhdhénártha.




***Baill Foirne Lánaimseartha/Pháirtaimseartha/Shealadacha:*** *Baill Foirne Lánaimseartha, Baill Foirne Pháirtaimseartha, agus Baill Foirne ar Chonradh Sealadach*

***An Bord**: Gnáthchomhaltaí den Bhord, Leas-Chathaoirleach an Bhoird, agus Cathaoirleach an Bhoird.*

***An Lucht Ardbhainistíochta**: Príomhoifigeach, Stiúrthóirí, Stiúrthóirí Cúnta, Oifigigh Shinsearacha Riaracháin*


***An Chigireacht**: Cigirí Sinsearacha Pleanála, Cigirí Pleanála, Speisialtóirí, Intéirnigh Phleanála.*

***Gráid Riaracháin**: Oifigigh Shinsearacha Feidhmiúcháin, Oifigigh Feidhmiúcháin,*


*Cúntóirí Riaracháin.*

**Ceathairíleanna Ioncaim**


Sa tuarascáil seo, féachtar ar an líon fear, an líon ban agus an líon daoine neamhdhénártha ar fud ceithre bhanda pá ceathairíle, is iad sin: (1) An Cheathairíl Íochtair; (2) An Cheathairíl Íosláir; (3) An Cheathairíl Uasláir; agus (4) An Cheathairíl Uachtair.





| | An Cheathairíl Íochtair |
|---|---|
| M | 27 |
| F | 39 |
| NB | 1 |




| | An Cheathairíl Íosláir |
|---|---|
| M | 26 |
| F | 40 |
| NB | 1 |





| | An Cheathairíl Uasláir |
|---|---|
| M | 31 |
| F | 36 |
| NB | |





| | An Cheathairíl Uachtair |
|---|---|
| M | 33 |
| F | 34 |
| NB | |

**Ceathairíleanna Sinsearachta**


Sa tuarascáil seo, féachtar ar an líon fear, an líon ban agus an líon daoine neamhdhénártha ar fud ceithre bhanda ceathairíle de bhlianta seirbhíse, is iad sin: (1) An Cheathairíl Íochtair; (2) An Cheathairíl Íosláir; (3) An Cheathairíl Uasláir; agus (4) An Cheathairíl Uachtair.





| | An Cheathairíl Íochtair |
|---|---|
| M | 32 |
| F | 32 |
| NB | 1 |




| | An Cheathairíl Íosláir |
|---|---|
| M | 32 |
| F | 31 |
| NB | 1 |




| | An Cheathairíl Uasláir |
|---|---|
| M | 24 |
| F | 41 |
| NB | |




| | An Cheathairíl Uachtair |
|---|---|
| M | 20 |
| F | 44 |
| NB | |

## 7.0 Conclúidí

Cé go bhfuil roinnt ban ann i bpoist Ardbhainistíochta, is airde an líon fear a shealbhaíonn poist sa ghrád sin ná an líon ban.

Is iad mná a shealbhaíonn sciar níos airde de na róil sna gráid is ísle pá.

Fágann sé sin gurb ísle an meánráta foriomlán pá san uair an chloig i measc na mban ná i measc na bhfear san eagraíocht. Laistigh de na gráid is ísle pá, áfach, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil mná ar phointe níos airde den scála pá ná fir ar an meán, mar gheall ar an tseirbhís níos faide atá curtha isteach acu sna gráid sin. Tá sé sin léirithe sa phá níos airde a fhaigheann mná sna gráid riaracháin agus chigireachta, i gcomparáid leis an bpá níos airde a fhaigheann fir i bpoist ardbhainistíochta agus i bpoist ar leibhéal an bhoird.

## 8.0 Conas atá an bhearna phá idir na hinscní á díothú againn?

Tá rún daingean ag an mBord Pleanála aghaidh a thabhairt ar éagothroime inscne trí bhearta a bhfuil neart againn orthu. Leanfaidh an eagraíocht le tionscnaimh a chur chun cinn a bhfuil mar aidhm leo tacú le cothromaíocht inscne inár bhfórsa saothair. Áirítear iad seo a leanas leis na tionscnaimh sin:

Bearta inmheánacha chun bearnaí pá idir na hinscní san eagraíocht a bhainistiú.

| Tionscnamh | Teicníc |
|---|---|
| Boird Agallaimh | A chinntiú gurb iad boird roghnúcháin atá cothromaithe ó thaobh inscne de a sheolann ár bpróisis earcaíochta agus roghnúcháin uile |
| Oiliúint Éigeantach | Glacann gach ball foirne nua-earcaithe páirt in oiliúint Comhionannais agus Éagsúlachta mar chuid dá n-oiliúint ionduchtúcháin |

| | |
|---|---|
| Foghlaim agus Forbairt | Tugtar spreagadh do bhaill foirne leas a bhaint as deiseanna agus tacaí foghlama agus forbartha |
| Obair Sholúbtha | Tarraingítear aird ar na tacaí sonracha atá ar fáil. Mar shampla, tá raon cineálacha difriúla saoire ar fáil. |

Na bearta atá beartaithe a dhéanamh chun aon bhearna phá idir na hinscní a laghdú nó a dhíothú

| Tionscnamh | Teicníc |
|---|---|
| Boird agallaimh | Oiliúint a chur ar ár mboird roghnúcháin uile ar theicnící cothromasacha dea-chleachtais |
| Suirbhéanna agus ceardlanna timpeallachta | Tá rún daingean ag an mBord Pleanála cultúr measa, dínite, comhionannais agus cothroime a chothú. Úsáidtear ceardlanna agus suirbhéanna chun dul i dteagmháil le comhghleacaithe chun teacht ar bhealaí inar féidir tionscnaimh a sholáthar lena leantar le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur chun cinn ar mhaithe le timpeallacht oibre níos cothroime agus níos éagsúla a bhaint amach. |
| Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú | Soláthar an Dréacht-Bheartais um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ón mBord Pleanála a chur ar aghaidh. |
| Seisiúin faisnéise maidir le hobair sholúbtha | Sraith seisiún faisnéise a sheoladh a bheidh deartha chun comhghleacaithe a chur ar an eolas faoi na cineálacha difriúla saoire atá ar fáil, lena n-áireofar seisiúin ar thacaí Sos Míostraithe agus roghanna saoire a thacaíonn le teaghlaigh agus ar conas is féidir na tacaí agus na roghanna sin a rochtain. |

| | |
|---|---|
| Oiliúint i nDínit ag an Obair | Sa bhliain 2025, déanfar suirbhé agus athbhreithniú ar an gCairt um Dhínit ag an Obair agus soláthrófar oiliúint athnuachana ina leith. |
| Oiliúint ar an bPlean Straitéiseach | Tá an Plean Straitéiseach ón mBord Pleanála á fhorbairt faoi láthair, agus soláthrófar oiliúint ar luachanna ina dhiaidh sin. |
| Oiliúint ar an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta | Clár leanúnach oiliúna do Bhainisteoirí. |

**Aguisín**

Leagtar amach sa tábla thíos an bhearna phá san uair an chloig idir na hinscní ar fud raon méadrachtaí, mar a cheanglaítear leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021. Tá na sonraí atá leagtha amach thíos bunaithe ar an tréimhse dhá mhí dhéag suas go dtí an 20 Meitheamh 2024.

### Pá Meánach agus Airmheánach Foriomlán

| Meánach – Lánaimseartha | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | **9.72%** |
| **ND** | **50.84%** |

| Meánach – Páirtaimseartha | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | N/B |
| **ND** | N/B |

| Meánach – Sealadach | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | **-5.95%** |
| **ND** | N/B |

| Meánach – Iomlán | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | **9.48%** |
| **ND** | **49.86%** |

| Airmheánach – Lánaimseartha | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | **22.89%** |
| **ND** | **52.50%** |

| Airmheánach – Páirtaimseartha | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | N/B |
| **ND** | N/B |

| Airmheánach – Sealadach | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | **-1.99%** |
| **ND** | N/B |

| Airmheánach – Iomlán | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | **21.03%** |
| **ND** | **51.18%** |

### Pá Meánach agus Airmheánach an Bhoird

| Meánach – Lánaimseartha | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | 10.15% |
| ND | N/B |

| Meánach – Páirtaimseartha | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | N/B |
| ND | N/B |

| Meánach – Sealadach | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | N/B |
| ND | N/B |

| Meánach – Iomlán | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | 10.15% |
| ND | N/B |

| Airmheánach – Lánaimseartha | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | 3.11% |
| ND | N/B |

| Airmheánach – Páirtaimseartha | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | N/B |
| ND | N/B |

| Airmheánach – Sealadach | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | N/B |
| ND | N/B |

| Airmheánach – Iomlán | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | 3.11% |
| ND | N/B |

## Pá Meánach agus Airmheánach an Lucht Ardbhainistíochta

| Meánach – Lánaimseartha | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | 1.87% |
| ND | N/B |

| Meánach – Páirtaimseartha | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | N/B |
| ND | N/B |

| Meánach – Sealadach | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | N/B |
| ND | N/B |

| Meánach – Iomlán | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | 1.87% |
| ND | N/B |

| Airmheánach – Lánaimseartha | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | 7.92% |
| ND | N/B |

| Airmheánach – Páirtaimseartha | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | N/B |
| ND | N/B |

| Airmheánach – Sealadach | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | N/B |
| ND | N/B |

| Airmheánach – Iomlán | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | 7.92% |
| ND | N/B |

## Pá Meánach agus Airmheánach an Lucht Riaracháin

| Meánach – Lánaimseartha | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | -10.54% |
| ND | 9.65% |

| Meánach – Páirtaimseartha | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | N/B |
| ND | N/B |

| Meánach – Sealadach | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | -1.85% |
| ND | N/B |

| Meánach – Iomlán | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |
| F | N/B |
| B | -13.36% |
| ND | 7.88% |

| Airmheánach – Lánaimseartha | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |

| Airmheánach – Páirtaimseartha | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |

| Airmheánach – Sealadach | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |

| Airmheánach – Iomlán | |
|---|---|
| Inscne | Bearna Phá |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **F** | N/B | | **F** | N/B | | **F** | N/B | | **F** | N/B |
| **B** | **-3.13%** | | **B** | N/B | | **B** | **0.00%** | | **B** | **-6.32%** |
| **ND** | **4.61%** | | **ND** | N/B | | **ND** | N/B | | **ND** | **3.56%** |

## Pá Meánach agus Airmheánach na Cigireachta

| **Meánach – Lánaimseartha** | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | **-1.81%** |
| **ND** | N/B |

| **Meánach – Páirtaimseartha** | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | N/B |
| **ND** | N/B |

| **Meánach – Sealadach** | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | **-23.03%** |
| **ND** | N/B |

| **Meánach – Iomlán** | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | **-2.30%** |
| **ND** | N/B |

| **Airmheánach – Lánaimseartha** | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | **-3.78%** |
| **ND** | N/B |

| **Airmheánach – Páirtaimseartha** | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | N/B |
| **ND** | N/B |

| **Airmheánach – Sealadach** | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | **-23.03%** |
| **ND** | N/B |

| **Airmheánach – Iomlán** | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **F** | N/B |
| **B** | **-4.26%** |
| **ND** | N/B |

## An Bhearna Phá idir na hInscní maidir le Bónais

| **An Bhearna Mheánach Phá maidir le Bónais** | |
|---|---|
| **Inscne** | **An Bhearna Phá maidir le Bónais** |
| **F** | N/B |
| **B** | N/B |
| **ND** | N/B |

| **An Bhearna Airmheánach Phá maidir le Bónais** | |
|---|---|
| **Inscne** | **An Bhearna Phá maidir le Bónais** |
| **F** | N/B |
| **B** | N/B |
| **ND** | N/B |

| **Bónas** | |
|---|---|
| **Inscne** | **An % a fuair Bónas** |
| **F** | N/B |
| **B** | N/B |
| **ND** | N/B |

| **Sochar Comhchineáil** | |
|---|---|
| **Inscne** | **An % a fuair Sochar Comhchineáil** |
| **F** | N/B |
| **B** | N/B |
| **ND** | N/B |

***Tabhair faoi deara**: Ní bhfuair aon fhostaithe aon bhónais a bhaineann le feidhmíocht ná aon sochair chomhchineáil le linn na tréimhse léargais.*

### Ceathairíleanna

| Ceathairíleanna Ioncaim | % F | % B | % ND |
|---|---|---|---|
| An Cheathairíl Íochtair | 40.3% | 58.2% | 1.5% |
| An Cheathairíl Íosláir | 38.8% | 59.7% | 1.5% |
| An Cheathairíl Uasláir | 46.3% | 53.7% | 0.0% |
| An Cheathairíl Uachtair | 49.3% | 50.7% | 0.0% |

| Ceathairíleanna Seirbhíse | % F | % B | % ND |
|---|---|---|---|
| An Cheathairíl Íochtair | 49.2% | 49.2% | 1.5% |
| An Cheathairíl Íosláir | 50.0% | 48.4% | 1.6% |
| An Cheathairíl Uasláir | 36.9% | 63.1% | 0.0% |
| An Cheathairíl Uachtair | 31.3% | 68.8% | 0.0% |

***Tabhair faoi deara**: Ní áirítear le Ceathairíleanna Seirbhíse aon chomhaltaí boird, mar gheall ar chineál a bhfostaíochta.*

